Sí mo bhean an rógaire, sí mo bhean an cladhaire

Sí mo bhean an rógaire, is cuirfidh sí le faill mé.

Chuir mé scéal isteach chuici go gceannóinn ribín síod' di

Chuir sí scéal amach chugam, go ndéanfadh súgán tuí í

Sí mo bhean an rógaire, sí mo bhean an cladhaire

Sí mo bhean an rógaire, is cuirfidh sí le faill mé.

Chuir mé scéal isteach chuici go gceannóinn leaba chlúimh di

Chuir sí scéal amach chugam, go ndéanfadh sop sa chúinne í

Sí mo bhean an rógaire, sí mo bhean an cladhaire

Sí mo bhean an rógaire, is cuirfidh sí le faill mé.

Chuir mé scéal isteach chuici go gceannóinn slipper shoes di

Chuir sí scéal amach chugam go ndéanfadh button boots í

Sí mo bhean an rógaire, sí mo bhean an cladhaire

Sí mo bhean an rógaire, is cuirfidh sí le faill mé.